Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**6310/23**

**CDR 36**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Poblacht na Slóivéine, de Choiste na Réigiún — Glacadh |

1. I litir uaidh an 10 Eanáir 2023[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú ar dá bhun a moladh Jasna GABRIČ a cheapadh ina comhalta de Choiste na Réigiún agus ar dá bhun a ceapadh í.

2. Tar éis cheapadh Tine RADINJA agus Tomaž ROŽEN mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún le Cinneadh (AE) 2022/1678 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2022[2], tá suíocháin bheirt chomhaltaí mhalartacha tagtha chun bheith folamh.

3. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 5363/23.
[2] IO L 252, 30.9.2022, lch. 70.

4. I gcomhréir leis an bhforáil sin, mhol Rialtas na Slóivéine[3] Jasna GABRIČ a cheapadh, ar bhonn sainordú toghchánach áitiúil éagsúil, *članica občinskega sveta, Občina Trbovlje* (comhalta den chomhairle bardais, Bardas Trbovlje) mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

5. Fairis sin, mhol Rialtas na Slóivéine na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu in údarás áitiúil, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Marko DIACI, *župan, Občina Šentjur* (Méara, Bardas Sentjur), agus Nejc SMOLE, *župan, Občina Medvode* (Méara, Bardas Medvode).

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh a leagtar amach in 6309/23 agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

[3] 6232/23.